

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is mór agam tuarascáil bhliantúil agus cuntais an Údaráis Pinsean (an tÚdarás) a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir Alt 23(2) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú (an tAcht).

Déanann an tÚdarás scéimeanna pinsin ceirde agus cuntais coigiltis scoir phearsanta a rialáil in Éirinn. Ina n-iomláine, is ionann iad sin agus €148 billiún measta de choigiltis scoir.

## Straitéis an Údaráis Pinsean

I Ráiteas Straitéise an Údaráis, 2025 go 2029, leagtar amach ár bhfís, ár misean agus ár luachanna, chomh maith leis na straitéisí ardleibhéil a bheidh mar bhonn taca lenár gcuid oibre sna cúig bliana amach romhainn. Tá an straitéis le fáil ar ár láithreán gréasáin.

Is é an cuspóir fadtéarmach atá fós ag gníomhaíochtaí maoirseachta, comhairleacha agus faisnéise an Údaráis ná córas pinsean ina mbeidh coigilteas pinsin slán, dea-bhainistithe, éifeachtúil ó thaobh costas de agus intuigthe, agus ina spreagfar coigilteas pinsin. Tá straitéis 2025-2029 i gcomhréir leis an straitéis roimhe seo agus béim á cur aici ar mhaoirseacht rioscabhunaithe réamhbhreathnaitheach, agus ar an tábhacht a bhaineann leis an líon scéimeanna pinsin a laghdú chun maoirseacht éifeachtach, rialachas láidir agus luach maith do na baill a chinntiú. Is cuid bhunriachtanach de mhaoirseacht rioscabhunaithe iad sonraí cuimsitheacha, ionas gur féidir leis an Údarás rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a shainaithint agus beart iomchuí a dhéanamh.

## Scéimeanna pinsin baill aonair

Tá na mílte scéim pinsin baill aonair cláraithe leis an Údarás a rachaidh a maolú ar na hoibleagáidí i dTreoir IORP II in éag taobh istigh de bhliain. Ní dócha go mbeidh sé barainneach d'fhormhór na scéimeanna sin na bearta rialachais a theastaíonn le bheith comhlíontach a chur i bhfeidhm, agus dá bhrí sin, is é an rogha is réadúla atá acu ná aistriú ina PRSA nó ina oll-iontaobhas ilfhostóra.

Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta go dtí seo chun na scéimeanna sin a réiteach, tá cuid mhaith fós le déanamh agus is ábhar imní é sin don Údarás. Chomh luath agus a rachaidh an maolú in éag i mí Aibreáin 2026, beidh ar an Údarás machnamh a dhéanamh ar cibé an mbeidh sé iomchuí gníomhartha forfheidhmithe a dhéanamh.

## Reachtaíocht

Fáiltímid roimh mholtaí an Aire Coimirce Sóisialaí chun reachtaíocht maidir le pinsin a thabhairt isteach go luath. Go háirithe, leis na moltaí maidir le córas údaraithe do scéimeanna pinsin, cuirfear ar ár gcumas an córas maoirseachta a dhéanamh níos solúbtha agus níos freagrúla d'fhorbairtí in earnáil na bpinsean.

## An Eoraip

Tharla na forbairtí a rinneadh le déanaí ar phinsin in Éirinn go príomha mar thoradh ar chur i bhfeidhm rialachán agus treoracha ón Aontas Eorpach. Tá forbairtí Eorpacha den sórt sin á gcur i bhfeidhm, níos mó agus níos mó, maidir le gach institiúid airgeadais agus ní bhaineann siad go sonrach le hearnáil na bpinsean: is léiriú é sin ar an dearcadh go bhfuil daoine a chuireann airgead ar

# CUSPÓIRÍ AN ÚDARÁIS A CHOMHLÍONADH

## Maoirseacht riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach

Phléigh an tÚdarás le roinnt mhaith scéimeanna pinsean ceirde le linn na bliana agus modhanna éagsúla maoirseachta á n-úsáid aige, ina measc an próiseas athbhreithnithe maoirseachta, iniúchtaí agus athbhreithnithe deasc-bhunaithe, iarrataí ar shonraí agus cruinnithe rannpháirtíochta. Tá an 'Tuarascáil torthaí faoi ghníomaíochtaí maoirseachta 2024' foilsithe ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Bhí cruinnithe rialta ag an Údarás leis na soláthraithe pinsean is mó chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhdhlúthú scéimeanna agus chun aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna nó bacainní. Bhí cruinnithe ag an Údarás le solathraithe beaga socruithe baill aonair maolaithe freisin lena chinntiú go raibh tús curtha acu lena gcuid próiseas le bheith comhlíontach nó comhdhlúthaithe roimh an spriocdháta do mhaolú, mí Aibreáin 2026. Leanfar leis an obair sin in 2025.

## An próiseas athbhreithnithe maoirseachta (SRP)

Le hAlt 26J den Acht, ceanglaítear ar an Údarás athbhreithniú maoirseachta a dhéanamh ar na straitéisí, próisis agus nósanna imeachta tuairiscithe arna mbunú ag iontaobhaithe scéimeanna pinsean. Is é is ábhar don athbhreithniú measúnú ag an Údarás ar chóras rialachais scéime, na rioscaí atá roimh an scéim agus cumas na n-iontaobhaithe na rioscaí sin a bhainistiú.

Chuir an tÚdarás tús lena chlár athbhreithnithe in 2024 nuair a roghnaíodh sé oll-iontaobhas, scéim mhór amháin le ranníocaíochtaí sainithe (DC) agus scéim mhór amháin le sochar sainithe (DB).

Beidh méadú mór ar an líon scéimeanna a roghnófar don SRP in 2025 agus ina dhiaidh sin. Tá sé i gceist ag an Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar oll-iontaobhais gach trí bliana ar a laghad agus an SRP a chur i bhfeidhm maidir le scéimeanna eile sna blianta amach romhainn, ag féachaint do scála, cineál, méid agus castacht na scéimeanna sin.

Ar gach athbhreithniú a thabhairt chun críche, d'eisigh an tÚdarás litir le réamhthorthaí chuig iontaobhaithe gach scéime agus iarraidh ar na hiontaobhaithe freagra a thabhairt ar na torthaí. Eisíodh litir le torthaí deiridh tar éis bhreithniú a dhéanamh ar fhreagraí na n-iontaobhaithe. Sna cásanna inar sainaithníodh fadhbanna, chuir an tÚdarás clár monatóireachta i bhfeidhm lena chinntiú go dtabharfar aghaidh ar gach fadhb. Mura dtabharfar aghaidh ar na fadhbanna a sainaithníodh laistigh den chreat sonraithe, féadfaidh an tÚdarás smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Fógraí Comhairleacha a fhorchur de réir Alt 26M den Acht.

Tugann na torthaí SRP maidir le holl-iontaobhais le tuiscint go bhfuil roinnt mhaith de cheanglais an Achta agus an Chóid Chleachtais d'iontaobhaithe á gcomhlíonadh ag na hiontaobhaithe. Mar sin féin, tá réimsí ann nach mór do na hiontaobhaithe breis airde a dhíriú orthu, mar a leagtar amach sa tuarascáil torthaí. Lena n-áirítear:

- Maoirseacht le déanamh ag iontaobhaithe ar sholáthraithe seirbhísí.
- Coinbhleachtaí leasa a bhainistiú.
- Droch-chaighdeán ar bheartais agus nósanna imeachta scéimeanna.
- An gá le roghanna cistí agus struchtúir gearrtha táillí a chuíchóiriú.
- Luach ar airgead agus trédhearcacht ó thaobh costas a chinntiú.
- Éifeachtacht na cumarsáide idir baill agus fostóirí rannpháirteacha.
- Rannpháirtíocht iontaobhaithe sa chreat bainistithe riosca agus sa phróiseas féinmheasúnaithe riosca (ORA).

Tá coinne leis ag an Údarás go bpléifear le haon torthaí a eiseofar go tráthúil agus go bhforbróidh na hiontaobhaithe cur chuige rioscabhunaithe réamhbhreathnaitheach maidir leis an gcaoi a mbainisteoidh siad scéimeanna, cur chuige a dhíreoidh ar leasanna na mball.

## Clár rannpháirtíochta le holl-iontaobhais

Thionóil an tÚdarás cruinnithe rannpháirtíochta le gach bord oll-iontaobhais in 2024, mar chuid den SRP nó mar chruinnithe rannpháirtíochta neamhspleácha. Díríodh ar bhainistiú rioscaí i bpríomhréimsí ag na cruinnithe rannpháirtíochta nár bhain le SRP a tionóladh in 2024.

Thionóil an tÚdarás cruinniú comhchomhairle le cathaoirligh neamhspleácha oll-iontaobhas faoi thosaíochtaí agus príomhábhair imní d'oll-iontaobhais in 2024.

Bhailigh an tÚdarás sonraí faoi oll-iontaobhais i rith 2024, sonraí a thug siad faisnéis ábhartha agus cothrom le dáta faoi scála agus fás oll-iontaobhas.

Tugann an tÚdarás dá aire go bhfuil tús á chur ag roinnt mhaith oll-iontaobhas leis an bpróiseas chun

roghanna cistí agus struchtúir leagáide gearrtha táillí a chuíchóiriú, i ndiaidh do roinnt mhaith scéimeanna neamhspleácha aistriú ina n-oll-iontaobhais. Measann an tÚdarás go bhfuil an próiseas seo bunriachtanach chun éifeachtúlachtaí agus luach níos fearr ar airgead a bhaint amach do na baill. Mar sin féin, tá dul chun cinn an-teoranta déanta ag roinnt scéimeanna maidir leis sin agus tá sé i gceist ag an Údarás leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar an dul chun cinn sa réimse sin in 2025.

## Clár rannpháirtíochta sa scéim le sochar sainithe agus sa scéim le ranníocaíocht shainithe

Bhuail an tÚdarás le boird iontaobhaithe thrí scéim mhóra le sochar sainithe agus thrí scéim mhóra le ranníocaíocht shainithe le linn 2024. Dhírigh an rannpháirtíocht sna scéimeanna sin ar an mbord iontaobhaithe ag taispeáint go bhfuil córas rialachais éifeachtach i bhfeidhm acu dá scéim agus go bhfuil sé ar a gcumas riosca a bhainistiú. Bhí an tÚdarás sásta, den chuid is mó, go raibh córas rialachais éifeachtach i bhfeidhm ag na boird iontaobhaithe ar chas sé leo agus go raibh na rioscaí a sainaithníodh á mbainistiú go leordhóthanach acu.

Bhí sé de chuspóir ag na boird iontaobhaithe uile ar chas an tÚdarás leo na rioscaí a bhain leis an scéim a laghdú le himeacht ama agus bhíothas i mbun ráthaíocht chorparáideach a chomhaontú i leith scéim amháin. Thug an tÚdarás dá aire go raibh rannpháirtíocht rialta ar bun leis an bhfostóir urraíochta maidir le straitéis infheistíochta, maoiniú agus gealltanas ranníocaíochtaí an urraitheora.

I measc na dtuairimí ó bheith ag breathnú ar an rannpháirtíocht le scéimeanna le ranníocaíocht shainithe bhí an gá le pleanáil chomharbais leordhóthanach a bheith i bhfeidhm ag boird iontaobhaithe chun an riosca a mhaolú go n-éireodh comhalta de bhord iontaobhaithe as a phost gan choinne.

## Iniúchtaí ar ghrúpscéimeanna

Rinne an tÚdarás iniúchtaí ar chomhlíonadh le ceanglais shonracha a leagtar amach san Acht in 2024, lena n-áirítear an ceanglas maidir le ráiteas bliantúil um chomhlíonadh a ullmhú, an ceanglas maidir le sealbhóir príomhfheidhme um bainistiú riosca agus sealbhóir príomhfheidhme um iniúchóireacht inmheánach a cheapadh, agus an ceanglas maidir le féinmheasúnú riosca (ORA) a dhéanamh agus a thaifeadadh.

Rinneadh iniúchadh ar 466 scéim san iomlán, mar a léirítear sa tábla thíos.

| Cineál iniúchta | Líon scéimeanna | | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | DB | CD | |
| ACS | 100 | 88 | 188 |
| KFH | 21 | 63 | 84 |
| ORA | 100 | 94 | 194 |
| Iomlán | 221 | 245 | 466 |

Fuarthas gur chomhlíon formhór na scéimeanna na ceanglais éagsúla. I gcás inar sainaithin an tÚdarás fadhbanna maidir le neamhchomhlíonadh, nó moilleanna ar shonraí a thabhairt cothrom le dáta ar an gClár Sonraí Pinsin (PDR), eisíodh litreacha torthaí do na hiontaobhaithe chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin. I roinnt mhaith cásanna, bhain neamhchomhlíonadh le scéimeanna a raibh sé ar intinn acu foirceannadh agus aistriú chuig oll-iontaobhas nó socruithe eile maidir le pinsin.

## Maoirseacht PRSA

Ní raibh aon samplaí suntasacha de neamhchomhlíonadh sainaitheanta ag achtúirí PRSA in 2024. Scrúdaigh an tÚdarás gach mionsampla de neamhchomhlíonadh a thuairiscigh achtúirí PRSA agus pléadh iad leis an soláthraí bainteach PRSA, nuair ba ghá.

Rinne an tÚdarás iniúchadh ar na 15 soláthraí PRSA chun scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh le ceanglais Alt 113 den Acht. Ceanglaíonn Alt 113 ar sholáthraithe PRSA a chinntiú gur tugadh doiciméid nochta áirithe dóibh sula nglacann siad le haistriú ó scéim pinsin ceirde go dtí PRSA, seachas i gcúinsí sonracha áirithe. Ar an iomlán, níor braitheadh aon fhadhb ábhartha maidir le neamhchomhlíonadh.

D'fhaomh an tÚdarás 23 táirge nua PRSA, i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim, in 2024. Fuarthas agus faomhadh 16 iarraidh ar leasú maidir le táirgí reatha i gcaitheamh na bliana. Bhain na leasuithe sin le hathruithe ar an struchtúr gearrtha táillí nó le cistí a chur le táirge PRSA nó iad a bhaint uaidh. Faomhadh 10 táirge neamhchaighdeánach do sholáthraí nua PRSA amháin in 2024.

## Maoirseacht ar scéimeanna earnála poiblí

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag plé le scéimeanna earnála poiblí i gcaitheamh 2024, agus dhírigh sé ar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhain le faisnéis a nochtadh agus sochar a íoc go tráthúil in earnálacha áirithe. Beidh an tÚdarás ag plé go leanúnach arís in 2025 le scéimeanna earnála poiblí ar na nithe seo.

### Maoirseacht ar riarthóirí cláraithe

D'athnuaigh an tÚdarás 88 riarthóir cláraithe (RA) in 2024, phróiseáil sé iarratas nua amháin ar RA agus phróiseáil sé 10 foirceannadh RA. Bhí roinnt cruinnithe rannpháirtíochta ag an Údarás le RAnna le linn na bliana.

### Tuairisciú éigeantach agus deonach / sceithireacht

Tá forálacha reachtúla ann, ar a dtugtar oibleagáidí sceithireachta, lena gcuirtear oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine sonraithe atá páirteach i bhfeidhmiú scéimeanna pinsin cheirde, conarthaí blianachta scoir iontaobhais (RACanna) agus PRSAnna Iontaobhais. Ní mór do na daoine sin tuairisc a thabhairt don Údarás má mheasann siad go ndearnadh calaois nó mí-leithghabháil ábhartha nó má mheasann siad go bhfuil baol ann go dtarlóidh a leithéid. Féadfaidh duine ar bith tuairisc dheonach a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann le staid agus feidhmiú scéime, RAC Iontaobhais nó PRSA. Tugann an tÚdarás aird ar gach tuairisc den sórt sin agus coinníonn sé faoi rún iad. Fuair an tÚdarás 21 thuairisc den sórt sin in 2024.

### Maoirseacht fhrithghníomhach agus imscrúduithe

Tugadh 17 chás imscrúdaithe ar aghaidh go 2024 agus osclaíodh 23 chás eile le linn na bliana. Bhain formhór na n-imscrúduithe a osclaíodh in 2024 le líomhaintí nár íocadh ranníocaíochtaí. Dúnadh 25 chás le linn na bliana agus bhí 15 chás fós ar siúl ag deireadh na bliana.

### Ionchúisimh

Ní raibh aon chásanna ionchúisimh ann in 2024.

### Córas TF agus sonraí a fhorbairt

Tá ardán maoirseachta TF an Údaráis á athsholáthar faoi láthair, agus an córas nua le dul i mbun gnó in 2026. Déanfaidh an tÚdarás tuilleadh cumarsáide le hiontaobhaithe agus le riathóirí faoin fhorbairt ar an ardán sin le linn 2025.

Is é cuspóir an Údaráis a chinntiú go mbeidh a chórais láidir agus go dtacóidh siad le maoirseacht rioscabhunaithe réamhbhreathnaitheach agus le beartas fianaise-bhunaithe agus sonraí-bhunaithe. Saincheist amháin nach mór d'iontaobhaithe agus a riarthóirí aghaidh a thabhairt uirthi láithreach, áfach, is ea cáilíocht na sonraí in aighneachtaí chuig an Údarás. Caitheann baill foirne san Údarás i bhfad an iomarca ama ag plé le saincheisteanna sonraí agus an méid a sheoltar chugainn a cheartú de láimh. Beidh sraitheanna breise bailíochtaithe ag an ardán nua chun cabhrú le cruinneas, ach beidh an tÚdarás ag féachaint ar chuir chuige nua le haghaidh fhorfheidhmiú níos déine maidir le haighneachtaí sonraí amach anseo. Is iad na hiontaobhaithe atá freagrach, ar deireadh thiar, as na sonraí a sheoltar thar a gceann chuig an Údarás.

Sa mheántéarma, beidh an tÚdarás ag bailiú níos mó sonraí ó scéimeanna pinsean, agus beidh gá leis na sonraí sin a chur i láthair ar bhealach níos tráthúla agus níos minice ná mar a dhéantar faoi láthair. Beidh an tÚdarás ag obair le comhghleacaithe sa Bhanc Ceannais chun dúbailt sonraí a sheachaint a mhéid agus is féidir. Beidh ar iontaobhaithe a chinntiú gur féidir lena gcórais riaracháin sonraí tráthúla agus cruinne a sholáthar sna formáidí riachtanacha.

## FORBAIRT BEARTAIS

Le linn na bliana:

- reáchtáil an tÚdarás comhairliúchán maidir le hathchóirithe ar chód iompair an Údaráis le haghaidh soláthraithe PRSA. Tá ranna nua faoi choinbhleachtaí leasa, rabhadh riosca agus maoirseacht agus rialachas táirgí san áireamh sa chód athbhreithnithe. Foilsíodh an cód athbhreithnithe an 31 Eanáir 2025 agus tiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2025;

- lean an tÚdarás de bheith rannpháirteach sa Ghrúpa Athchóirithe agus Cánachais Idir-rannach agus thug sé roinnt tasc chun cinn chun tátail i dTuarascáil an Ghrúpa a chur i bhfeidhm. Rinne an tÚdarás idirchaidreamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun leasuithe reachtacha a fhorbairt a bhain le faisnéis a nochtadh do ranníocóirí PRSA. Lean an tÚdarás d'anailís agus forbairt a dhéanamh ar thograí beartais maidir le tabhairt isteach féidir tharraingt anuas i scéimeanna. Leanfar leis an obair sin in 2025;

- lean an tÚdarás de bheith rannpháirteach i Meitheal an ECFE um Phinsin Phríobháideacha. Rinne an tÚdarás cathaoirleacht ar Choiste Teicniúil Eagraíocht Idirnáisiúnta na Maoirseoirí Pinsean (IOPS) agus rannchuidigh sé le tionscadal an IOPS maidir le hathléimneacht na maoirseachta ar phinsin chun dea-chleachtais a shainaithint do chreataí bainistithe géarchéime;


- ghlac sé páirt i gcruinnithe Bhord Maoirseoirí an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA) agus d'fhreastail sé ar chruinnithe Choiste Stiúrtha Beartas EIOPA. Ghlac an tÚdarás páirt i meithleacha eile agus choinnigh súil orthu, mar shampla an Coiste um Riosca agus Cobhsaíocht Airgeadais agus an Coiste Stiúrtha um Airgeadas Digiteach. Chuir an tÚdarás le sruthanna oibre éagsúla IORP EIOPA agus chuaigh sé i mbun plé le rialtóirí eile chun tuiscint chothrom le dáta a choinneáil ar bun maidir le tionscnaimh a bhain le pinsin a bhí á bhforbairt san AE;

- thug sé cúnamh teicniúil don Roinn Coimirce Sóisialaí ar raon ábhar a bhain le pinsin, ina measc reachtaíocht AE, mar shampla an togra um Rochtain

# RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

| Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 | | | |
|---|---|---|---|
| | | **2024** | **2023** |
| | **Nótaí** | **€** | **€** |
| **Ioncam** | | | |
| Táillí ar scéimeanna pinsin ceirde | | 5,659,740 | 5,904,155 |
| Táillí ar chuntais coigiltis scoir phearsanta | | 6,532,150 | 4,886,355 |
| Ioncam eile | 2 | 115,172 | 55,928 |
| **Iomlán an ioncaim** | | **12,307,062** | **10,846,438** |
| **Caiteachas** | | | |
| Íocaíocht | 3 | 8,070,957 | 7,305,871 |
| Táillí chomhaltaí an Údaráis | 5 | 20,520 | 20,520 |
| Cíos agus costais oifige | 6 | 821,380 | 1,163,075 |
| Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann | 7 | 149,622 | 198,289 |
| Faisnéis, taighde, agus poiblíocht | 8 | 231,425 | 283,993 |
| Táillí gairmiúla | 9 | 641,442 | 700,911 |
| Riarachán ginearálta | 10 | 917,463 | 1,066,150 |
| Dímheas | 11 | 129,399 | 167,969 |
| **Iomlán an chaiteachais** | | **10,982,208** | **10,906,778** |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | | **1,324,854** | **(60,340)** |
| Cúlchiste ioncaim ar 1 Eanáir | | 6,101,070 | 6,161,410 |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | | 1,324,854 | (60,340) |
| **An cúlchiste ioncaim amhail ar an 31 Nollaig** | | **7,425,924** | **6,101,070** |

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



**An Dr David Begg**
Cathaoirleach

17 Meitheamh 2025



**Brendan Kennedy**
An Rialtóir Pinsean

17 Meitheamh 2025

### 7. Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Oiliúint agus oideachas | 140,815 | 186,599 |
| Costais a bhaineann leis an bhfoireann[8] | 8,807 | 11,690 |
| **Iomlán** | **149,622** | **198,289** |

### 8. Faisnéis, taighde, agus poiblíocht

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Fógraíocht agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta | 182,675 | 208,556 |
| Clódóireacht, foilseacháin, agus láithreán gréasáin | 48,750 | 75,437 |
| **Iomlán** | **231,425** | **283,993** |

### 9. Táillí gairmiúla

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Comhairle dhlí | 304,982 | 370,536 |
| Tacaíocht d'iniúchtaí agus do chomhlíonadh | 102,676 | 88,552 |
| Comhairleacht taighde | 0 | 8,918 |
| Táillí ar iniúchadh inmheánach | 57,036 | 54,921 |
| Táillí ar iniúchadh reachtúil | 26,200 | 25,000 |
| Comhairleacht agus fógraíocht earcaíochta | 28,256 | 21,266 |
| Eile[9] | 122,294 | 131,718 |
| **Iomlán** | **641,444** | **700,911** |

8 Áirítear ranníocaíochtaí le coiste sóisialta na foirne agus gníomhaíochtaí eile leis.
9 Áirítear iniúchadh slándála TFC agus comhairle theicniúil AD leis seo.

### c) Gluaiseacht ar ghlandliteanas pinsin

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Glandliteanas pinsin ar an 1 Eanáir | 29,528,000 | 26,362,000 |
| Costas seirbhíse reatha | 1,468,000 | 1,287,000 |
| Costas úis | 1,045,000 | 1,023,000 |
| (Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dh-liteanais scéime | (37,000) | 276,000 |
| Athrú sna toimhdí | (603,000) | 1,159,000 |
| Sochair a íocadh i rith na bliana | (537,000) | (579,000) |
| Glandliteanas pinsean ar an 31 Nollaig | 30,864,000 | 29,528,000 |

### d) Coigeartuithe achtúireacha

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| (Gnóthachain) / caillteanais ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | (37,000) | 276,000 |
| Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir | (603,000) | 1,159,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 640,000 | (1,435,000) |

### e) Asbhaintí agus ranníocaíochtaí aoisliúntais

Is mar seo a leanas a bhí iomlán na n-asbhaintí agus na ranníocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra | 1,123,331 | 1,057,297 |
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí[16] | 306,028 | 286,271 |
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise | 206,066 | 187,208 |
| **Iomlán** | **1,635,425** | **1,530,776** |

16 Áirítear le ranníocaíochtaí fostaithe in 2024 €4,249 (2023 €10,542) i leith seirbhís bharúlach arna ceannach.

